Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2023/2030(INI)

20.6.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú
(2023/2030(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Bert-Jan Ruissen

ACHOIMRE

Leathanach

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ 3

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ

Cúlra

In 2007, glacadh Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle, lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú. Baineann cur chuige leathan, iomlánaíoch leis i leith bhainistiú an stoic eascann, ina gcumhdaítear céimeanna saoil difriúla na n-eascann agus a gconairí imirce. Cumhdaíonn a raon feidhme uiscí an Aontais Eorpaigh, murlaigh chósta, inbhir, agus aibhneacha na mBallstát agus uiscí intíre atá i gceangal leis na haibhneacha agus a théann i bhfarraige. Leagtar síos leis an Rialachán maidir le hEascanna go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, amhail ó 2009, a ngnáthóga nádúrtha don eascann Eorpach (abhantracha eascann) a shainiú agus Pleananna Bainistíochta Eascann (PBE) a bheith curtha ar bun acu do na gnáthóga sin. Tugtar deis do na Ballstáit sa tslí sin sainchúinsí áitiúla agus náisiúnta a chur san áireamh. Beidh de chuspóir ag gach Plean Bainistíochta Eascann na mortlaíochtaí antrapaigeanacha a laghdú chun gurb ann d'ardleibhéal dóchúlachta go ligfear do 40 % ar a laghad de bhithmhais na n-eascann geal éalú isteach san fharraige i gcoibhneas leis an meastachán is fearr ar an éalú arbh ann dó sa chás nach ndeachaigh aon tionchair antrapaigeanacha i bhfeidhm ar an stoc. Ullmhófar an Plean Bainistíochta Eascann ar mhaithe leis an gcuspóir sin a bhaint amach san fhadtéarma. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh sna bearta a dhéanfaidh na Ballstáit: gníomhaíocht iascaireachta tráchtála a laghdú, iascach áineasa a shrianadh, bearta athstocála, bearta struchtúracha chun aibhneacha a dhéanamh intrasnaithe agus feabhas a chur ar ghnáthóga abhann, eascanna geala a iompar ó uiscí intíre chuig uiscí ónar féidir leo éalú gan cur isteach chuig an Mhuir Shargasach, creachadóirí a chomhrac, tuirbíní cumhachta hidrileictreachais a mhúchadh go sealadach, agus bearta a bhaineann leis an dobharshaothrú. Beidh tuarascáil le cur faoi bhráid an Choimisiún Eorpaigh ag na Ballstáit gach tríú bliain ar dtús, agus an chéad tuarascáil le tíolacadh dó faoin 30 Meitheamh 2012. Tar éis na chéad trí thuarascáil thríbhliantúla a bheith tíolactha, laghdófar ar mhinicíocht na tuairisceoireachta go dtí uair amháin gach séú bliain. Tabharfar breac-chuntas sna tuarascálacha ar an bhfaireachán ar na pleananna bainistíochta, ar a éifeachtaí atá siad agus ar an toradh orthu.

Seasamh an rapóirtéara

Tá an rapóirtéir den tuairim gur ionstraim mhaith, iomlánaíoch atá sa Rialachán maidir le hEascanna, ach go bhféadfar a chur chun feidhme a fheabhsú. Go háiriithe, ní dheachthas i ngleic go leordhóthanach le fadhb na mbacainní imirce, cé gur cuireadh srian suntasach leis an ngníomhaíocht iascaireachta. Sin a conclúidíodh freisin sna meastóireachtaí ón gCoimisiún Eorpach. Le tamall anuas, is ar na hiascaigh eascann a laghdú tuilleadh a bhí fócas lucht ceaptha beartas. Léiriú air is ea cinneadh mhí na Nollag 2022 ón gComhairle maidir le deiseanna iascaireachta, ag cur srian leis an iascaireacht eascann – iascaireacht mhuirí agus cois cósta – agus tréimhse choiscthe sé mhí a chur i bhfeidhm. Tá an rapóirtéir den tuairim nach é sin an bealach ceart chun an eascann a athshlánú. Ní mór a aithint gurb é an Rialachán maidir le hEascanna an croíbheartas, agus an ionstraim is feiliúnaí i gcás bainistíocht eascann. Tá roinnt moltaí á ndéanamh ag an rapóirtéir maidir leis an Rialachán maidir le hEascanna a chur chun feidhme níos fearr, amhail an tsamhail rialachais a fheabhsú chun go mbeidh deis ann aiseolas a thabhairt agus na pleananna bainistíochta eascann a nuashonrú, aitheantas a thabhairt do ról bunriachtanach na n-iascairí, leanúint den bheartas athstocála, dul i ngleic le

bacainní imirce, dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, taighde eolaíoch a chur chun cinn agus an bailiú sonraí a chomhchuibhiú.

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú
(2023/2030(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú[1],

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 3, 4, 11, 38, 39 agus 43 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú[3],

– ag féachaint do Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[4],

– ag féachaint do Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[5],

– ag féachaint d'Fhoscríbhinn II don Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol,

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine,

– ag féachaint do na meastóireachtaí ón gCoimisiún ar an Rialachán maidir le hEascanna in 2014 (COM(2014)0640) agus in 2020 (SWD(2020)0035),

– Ag féachaint do thuarascáil mheastóireachta 2019 arna cur amach ar conradh chuig Poseidon ag an gCoimisiún,

– ag féachaint do mholtaí an 4 Bealtaine 2022 ó Chomhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt

[1] IO L 248, 22.9.2007, lch. 4.
[2] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
[3] IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.
[4] IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.
[5] IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

maidir le bearta bainistíochta eascann,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lenar socraíodh le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta i gcás stoic éisc áirithe, a bheidh infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta Aontais, in uiscí neamh-Aontais áirithe, agus lenar socraíodh le haghaidh 2023 agus 2024 na deiseanna iascaireachta sin i gcás stoic éisc áirithe domhainfharraige[6] agus Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lenar socraíodh le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta i gcás stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc áirithe a bheidh infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/110 maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 a bheidh infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh[7],

– ag féachaint don ráiteas ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón nGréig, ón Ísiltír, ón bPolainn, ón Spáinn agus ón tSualainn i ndáil le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle,

– ag féachaint dá seasamh an 16 Bealtaine 2006 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú[8],

– ag féachaint do chomhairle an 3 Samhain 2022 arna heisiúint ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) maidir leis an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*) ar fud a raoin nádúrtha,

– ag féachaint do theachtaireacht an 21 Feabhra 2023 ón gCoimisiún dar teideal ‘Plean Gníomhaíochta AE: Éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe le hiascaigh inbhuanaithe agus athléimneacha’ (COM(2023)0102),

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, agus d’Airteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta maidir le húdarú a thabhairt chun tuarascálacha neamhreachtacha a tharraingt suas, agus d’Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2023),

A. de bhrí go leagtar síos leis an Rialachán maidir le hEascanna go bhfuil sé d’oibleagáid ar na Ballstáit Pleananna náisiúnta Bainistíochta Eascann (PBE) a fhorbairt, a mbeidh sprioc gnímh aonfhoirmeach ag baint leo agus próiseas tríbhliantúil faireacháin agus meastóireachta a dhéanfar a chomhordú ar bhonn idirnáisiúnta;

B. de bhrí gur ghlac 19 mBallstát PBEnna le haghaidh beagnach 90 Aonad Bainistíochta Eascann, lena gcumhdaítear thart ar 1 880 gníomh; de bhrí go bhfuil sé Bhallstát (an Chipir, Málta, an Ostair, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Ungáir) atá díolmhaithe ó PBE a ullmhú; de bhrí nach ndearna an tSlóivéin a PBE a ullmhú agus nach ndearna an Bhulgáir a PBE a ullmhú dá habhainnchórais seachas an Muir Dhubh; de bhrí go bhfuil a PBE á forbairt ag an gCróit faoi láthair;

[6] IO L 28, 31.1.2023, lch. 1.
[7] IO L 28, 31.1.2023, lch. 220.
[8] IO C 298 E , 7.12.2006, lch. 113.

C. de bhrí gurb í an Ísiltír amháin a rinne PBEnna nuashonraithe a chur isteach lena bhformheas, eadhon in 2011 agus arís in 2018;

D. de bhrí nach bhfuil ach aon phlean trasteorann amháin, faoi láthair, atá aitheanta ag an Aontas Eorpach, a bhaineann le habhantrach an Minho (sa Spáinn agus aa Phortaingéil); de bhrí, de réir ICES (2022), go n-aithnítear go mbíonn comhar ann idir Ballstáit agus tíortha nach bhfuil san Aontas, trí bhíthin sásraí eile, ach go bhfuil dobharlaigh ann mar sin féin a thairbheodh de chur chun feidhme na mbeart bainistíochta a bheith á chomhordú níos fearr;

E. de bhrí go bhfuil rialúchán dáilte faoi chomhordú lárnach ina ghné den Rialachán maidir le hEascanna; de bhrí go bhfuil bainistiú na stoc eascann róchasta le go bhfeilfeadh ‘an cheap a dhéanann an uile bhróg’ mar chur chuige; de bhrí go dtugann an Rialachán maidir le hEascanna solúbthacht do na Ballstáit a bPleananna náisiúnta Bainistíochta Eascann a choigeartú de réir cúinsí áitiúla agus tosaíochtaí náisiúnta;

F. de bhrí nach ann d’aon ardán eascann-shonrach ar leibhéal an Aontais chun faisnéis a mhalartú, pléití a éascú i measc geallsealbhóirí agus d’obair leantach i gcás aiseolais;

G. de bhrí, de réir thuarascáil Poseidon 2019, gur thuairiscigh 18 mBallstát as 19 in 2012; de bhrí, de réir thuarascáil Poseidon 2019, gur thuairiscigh 14 Bhallstát as 19 in 2015; de bhrí, de réir thuarascáil Poseidon 2019, gur thuairiscigh 15 Bhallstát as 19 in 2018; de bhrí, de réir ICES (2022), nár thuairiscigh ach 13 Bhallstát as 19 in 2021; de bhrí gur minic tuairisceoireacht neamhiomlán agus neamhchaighdeánaithe á déanamh ag Ballstáit;

H. de bhrí go ndearna an Coimisiún meastóireacht in 2014 ar chur chun feidhme ginearálta an Rialacháin maidir le hEascanna agus na bPleananna náisiúnta Bainistíochta Eascann, agus gur thángthas ar an gconclúid gur cuireadh srianta ar iascaigh mar thoradh ar chur chun feidhme BPEnna, agus gur cheart tuilleadh airde a thabhairt ar bhearta bainistíochta a bhain le himthosca mortlaíochta antrapaigeanacha neamhiascaireachta, ar bhearta iad nach ndearna na Ballstáit a bhformhór a chur chun feidhme ach go páirteach;

I. de bhrí go ndearna an Coimisiún meastóireacht féachaint an raibh an Rialachán maidir le hEascanna oiriúnach don fheidhm in 2020, gur thángthas ar an gconclúid go raibh sé ábhartha agus oiriúnach don fheidhm, agus gur cuireadh in iúl freisin go raibh uaillmhian bhreise ag teastáil chun an Rialachán a chur chun feidhme agus fócas níos mó a chur ar bhearta nár bhain le hiascaigh;

Gurb é an Rialachán maidir le hEascanna an ionstraim is iomchuí agus is iomlánaíche

1. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit an Rialachán maidir le hEascanna a áireamh ina chroíbheartas arís le haghaidh cosaint eascann, agus cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite a áirithiú; á athdhearbhú go bhfuair an mheastóireacht ón gCoimisiún in 2020 go raibh an Rialachán maidir le hEascanna oiriúnach don fheidhm; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór an Rialachán maidir le hEascanna a chur chun feidhme níos fearr agus go bhfuil gníomhartha breise ag teastáil ó na Ballstáit;

2. á athdhearbhú go bhfuil mar chuspóir leis an Rialachán maidir le hEascanna an stoc eascann a athshlánú go 40 % i gcomparáid le dálaí gan mhilleadh, agus gurb í an

phríomhaidhm leis an mhortlaíocht a laghdú chun go mbeadh deis ann don athshlánú sin; á mholadh gur den riachtanas díriú ar an sprioc mhortlaíochta sa ghearrthéarma chun an cuspóir bithmhaise fadtéarmach a bhaint amach; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé a bheith deacair ‘dálaí gan mhilleadh’ a shainiú; á chur i bhfios gur cosúil nach féidir an sprioc 40 % a chur i gcrích mar thoradh ar chaillteanas gnáthóg, ach gurb é an caighdeán é i gcás an sprioc laghdú mortlaíochta a dhíorthú;

3. á chur i bhfios gur cuireadh stop le meath an stoic ó glacadh an Rialachán maidir le hEascanna, rud a thugann le fios go bhfuil réamhthorthaí dearfacha á léiriú ag an Rialachán maidir le hEascanna, ach gur próiseas fadtéarmach a bheidh san athshlánú a mhairfidh roinnt dacáidí;

4. á chur i bhfáth go bhfuil bainistiú an stoic eascann róchasta le haghaidh cur chuige aontaobhach a bhraitheann ar an ngné mhuirí amháin; á thabhairt chun suntais maidir le díriú ar dheiseanna bliantúla iascaireachta go bhfuil imthosca tábhachtacha ann amhail bacainní imirce, cáilíocht gnáthóg agus gabhálacha neamhdhleathacha agus trádáil neamhdhleathach nach mbeadh á gcur san áireamh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an Rialachán maidir le hEascanna iomlánaíoch agus cuimsitheach, go bhfuil idir chéimeanna muirí agus fionnuisce shaol na heascainne á ngabháil leis agus go ndíríonn sé ar thionchair iascaigh agus neamh-iascaigh araon; á chur i bhfios, freisin, go bhféadfadh sé gur mó na tionchair neamh-iascaigh ná na tionchair iascaigh agus gur ar éigin a tugadh aird go fóill ar na mortlaíochtaí antrapaigeanacha neamh-iascaigh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim maidir le bearta a ghlactar lasmuigh de chomhthéacs an Rialacháin maidir le hEascanna, go mbainfidís de chomhtháthú an bheartais a glacadh; á chur in iúl gur saoth léi ar an ábhar sin Rialachán 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, a bheidh infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe neamh-Aontais, agus lena socraítear le haghaidh 2023 agus 2024 na deiseanna iascaireachta sin le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige, lena gcuirfear srian ar iascaigh eascann agus tréimhse choiscthe 6 mhí ag baint leo;

Rialachas agus aiseolas

5. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon sásra aiseolais sa Rialachán maidir le hEascanna lena n-áirítheofar go ndéanfaidh na Ballstáit gníomh leantach agus nuashonruithe rialta beartais; á chur in iúl gur saoth léi nach ndearnadh comhairle ICES ó 2012, 2018 agus 2021, ina raibh iar-mheastóireacht ar chur chun feidhme náisiúnta an Rialacháin maidir le hEascanna, a chur i bhfeidhm go leordhóthanach;

6. á iarraidh, ar an ábhar sin, go gcruthófar comhairle chomhairleach eascann-shonrach a mbeidh ionadaithe uirthi ó na Ballstáit agus ó earnáil na hiascaireachta, ó iascairí áineasa, bainisteoirí uisce, cuideachtaí hidreachumhachta, lucht caomhantais agus páirtithe ábhartha eile; ag moladh gur cheart a leagan mar chúram ar an gcomhairle chomhairleach sin an Coimisiún a chomhairliú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le hEascanna, aiseolas a chur ar fáil do na Ballstáit maidir lena PBEnna, faisnéis a mhalartú idir na páirtithe éagsúla agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chuir chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach;

7. ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún grúpa

saineolaithe a bhunú, amhail a fógraíodh ina phlean gnímh maidir le héiceachórais mhuirí, chun saineolaithe ó na haireachtaí náisiúnta, idir shaineolaithe iascaigh agus shaineolaithe bonneagair, a thabhairt le chéile; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí thuas a chur san áireamh agus an grúpa saineolaithe sin á bhunú aige;

8. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil ach aon Bhallstát amháin a chuir PBE nuashonraithe isteach lena fhormheas ó glacadh an Rialachán maidir le hEascanna; ag tathant ar na Ballstáit a PBEnna a nuashonrú go rialta, bunaithe ar an eolas agus ar an gcomhairle is fearr a bheidh ar fáil; ag spreagadh na mBallstát chun spriocanna nithiúla agus sprioc-amanna idirmheánacha a chur ina PBEnna nuashonraithe; á chur i bhfáth gur próiseas fadtéarmach é athshlánú na heascainne, go mbeidh iarracht leanúnach ag teastáil agus nach leor plean bainistíochta aonuaire;

9. á chur in iúl gurb oth léi go raibh titim le blianta anuas ar líon na mBallstát a chloíonn leis an gceangaltas tuairisceoireachta faoi Airteagal 9(1) den Rialachán maidir le hEascanna; á mheabhrú do na Ballstáit go bhfuil oibleagáidí orthu faoi Airteagal 9(1); á thabhairt chun suntais gur fíor-riachtanas é a oiread faisnéise agus is féidir a bhailiú chun a bheith in ann na bearta iomchuí a dhéanamh;

Bearta maidir le hiascaigh eascann

10. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag iascaigh eascann sa tsochaí, gur gníomhaíocht shoch-eacnamaíoch í an iascaireacht eascann agus gur seantraidisiún cultúrtha í freisin atá ann leis na céadta bliain; á mheas gur tháinig laghdú suntasach ar an iascaireacht eascann le deich mbliana anuas; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit staonadh, a oiread agus is féidir, ó shrianta breise a chur ar iascaigh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag iascairí mar chomhnóirí agus ‘mar shúile agus cluasa’, agus dá ndéanfaí na hiascaigh a chosc ar fad go mb’fhéidir gur tuilleadh iascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a bheadh mar thoradh air; á chur i bhfios gur gníomhaíocht cheirde ar scála beag a dhéantar sna hiascaigh eascann agus gur i limistéir iargúlta atá go leor díobh lonnaithe, áit a mbíonn ról tábhachtach comhshaoil agus sóisialta ag iascairí;

11. á chur in iúl, sa chás nár mhór srianta breise a chur ar iascaigh, go bhfuil súil aici gur i gcomhthéacs PBEnna náisiúnta a dhéanfar é, seachas i bhfoirm cinntí *ad hoc* ón gCoimisiún, agus gur ar mheasúnuithe tionchair socheacnamaíocha a rinneadh roimh ré a bhunófar iad;

12. á athdhearbhú go bhfuil athstocáil ar na bearta athshlánaithe a liostaíodh faoi Airteagal 2(8) den Rialachán maidir le hEascanna; á rá go bhfeictear di gur beart riachtanach í an athstocáil go dtí go mbeidh réiteach sásúil ar fhadhb na mbacainní imirce; á iarraidh ar na Ballstáit leanúint den chleachtas athstocála; á thabhairt chun suntais, fiú murab eol mar a rannchuidíonn an athstocáil leis an athshlánú stoic ar an leibhéal idirnáisiúnta, go bhféadfadh éifeachtaí dearfacha a bheith ag baint léi ar an leibhéal áitiúil; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur bealach í an athstocáil chun rioscaí a leathadh agus a theorannú maidir le hathshlánú an stoic, agus an méadú ar an triomach atá ag cruthú fadhbanna in aibhneacha ar fud na hEorpa á chur san áireamh; á chur i bhfios, ina theannta sin, go mbíonn gabhálacha i gcomhair athstocála sách íseal (2-3 % de na heascanna gloine uile); á chur i bhfáth go bhfuil ríthábhacht le gabhálacha eascann gloine don earnáil dobharshaothraithe san Eoraip agus á aithint a thábhachtaí atá ról an

dobharshaothraithe don athstocáil;

13. á iarraidh ar na Ballstáit a bheith solúbtha le hiascairí agus na tréimhsí is oiriúnaí don iascaireacht á gcinneadh, óir d'fhéadfaidís a bheith éagsúil ó thír go tír; ag spreagadh na mBallstát, i ndáil leis sin, chun úsáid na gcóras cuótaí a chur san áireamh, i gcomhairle leis na hiascairí, chun an iascaireacht a choinneail ar leibhéil fhreagracha; á thabhairt chun suntais maidir le buntáistí córais cuótaí go gcuirtear ar chumas iascairí rogha a dhéanamh a bheith ag iascach nuair is fiú é ó thaobh na tráchtála de, agus go ndéantar na gabhálacha a theorannú ar leibhéal freagrach freisin; á rá freisin go bhféadfaí an ró-iascach a rialú sa tslí sin freisin;

Bearta neamh-iascaigh/imirce

14. á chur i bhfáth nach mór obair bhreise a dhéanamh i gcás ceisteanna neamh-iascaigh a mbíonn tionchar acu ar mhortlaíocht eascann; á thabhairt chun suntais gurb iad bacainní bonneagair ceann de na cúiseanna is measa le mortlaíocht eascann; ag tabhairt dá haire nach ndeachaigh na Ballstáit i ngleic go leordhóthanach leis an bhfadhb sin, rud is léir ó na meastóireachtaí ón gCoimisiún in 2014 agus arís in 2020;

15. á iarraidh ar na Ballstáit dambaí atá imithe i léig agus bacainní eile a bhaint ar bhonn práinne;

16. á chur i bhfios go láidir go bhfuil roghanna ar an margadh atá neamhdhíobhálach d'éisc lenar féidir caidéil uisce agus stáisiúin hidreachumhachta a dhéanamh intrasnaithe ag éisc; á iarraidh ar na Ballstáit a shocrú gur ceanglas sainordaithe í sábháilteacht éisc i gcás suiteálacha nua agus seansuitéalacha a dhéantar a athionadú; á chur i bhfios go bhféadfadh modheolaíocht chomhchoiteann a bheith ag teastáil chun a chinntiú agus a dheimhniú go meastar caidéil a bheith neamhdhíobhálach d'éisc; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh caighdeán 8775[9] d'Institiúid Ríoga na hÍsiltíre um Chaighdeán (NEN) fónamh mar eiseamláir;

17. ag spreagadh na mBallstát chun leanúint de thionscadail 'gaistiú agus aistriú' mar réiteach eatramhach ar éalú na n-eascann geal, sa chás nach mbeadh réitigh struchtúrtha indéanta sa ghearrthéarma;

18. á thabhairt chun suntais gur cheart bearta imirce a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe, agus bacainní níos faide suas an chonair imirce chéanna nó níos faide síos á gcur san áireamh;

19. ag spreagadh na mBallstát chun bearta a dhéanamh i gcoinne imthosca mortlaíochta antrapaigeanaí eile, amhail truailliú agus lotnaidí;

Bearta i gcoinne trádáil neamhdhleathach agus póitseáil

20. á chur i bhfios go láidir gur fadhb shuntasach i gcónaí iad iascaireacht NNN agus trádáil neamhdhleathach; á chur in iúl go molann sí mar a bhfuil ag éirí le forfheidhmiú an dlí i láthair na huaire agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé gáinneáil thairis sin a chosc; á chur i bhfáth go bhfuil breis seiceálacha agus faireacháin ar an Rialachán maidir le

[9] NEN 8775:2020+C1:2022 nl.

hEascanna ag teastáil;

21. á iarraidh go ndéanfar na húdaráis chustaim, phóilíneachta agus chomhshaoil a chomhordú níos fearr sna Ballstáit agus idir na Ballstáit, agus go ndéanfar an malartú sonraí a chomhordú níos fearr; á iarraidh ar na Ballstáit leanúint dá n-infheistíocht i saineolas agus cumas fhorfheidhmiú an dlí;

22. á thabhairt chun suntais go bhfuil tábhacht le trédhearcacht agus inrianaitheacht fheabhsaithe i gcás eascanna gloine a mbeirtear orthu chun cleachtais iascaireachta NNN a chomhrac agus gur uirlis thábhachtach iad scéimeanna deimhniúcháin chun dlíthiúlacht gabhálacha a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit a bpleananna athstocála a phoibliú chun gur fearr is féidir sruthanna gáinneála eascann gloine a shainaithint agus díriú orthu;

23. á iarraidh ar na Ballstáit smachtbhannaí a fhorchur a bheidh fíor-athchomhairleach; ag iarraidh go ndéanfar fíneálacha airgeadais a chomhchuibhiú idir na Ballstáit;

Taighde eolaíoch agus bailiú sonraí a chomhchuibhiú;

24. á mheabhrú go bhfuil go leor nach bhfuil ar eolas faoin eascann, lena n-áirítear a próiseas sceite agus na cúiseanna baileacha le meath an stoic; á iarraidh, ar an ábhar sin, go ndéanfar breis taighde eolaíoch, a mbeidh acmhainní leordhóthanacha cistiúcháin agus daonna ann dó, ar stádas an stoic agus ar na cúiseanna lena mheath; ag moladh gurbh fhiú don taighde éifeachtaí an athraithe aeráide a iniúchadh, mar shampla maidir le Sruth na Murascaille ar a bhealach go dtí an Mhuir Shargasach agus ón Muir Shargasach;

25. á chur i bhfios go bhfuil neamhréir ann idir cur chun feidhme an Rialacháin maidir le hEascanna agus comhairle bhliantúil ICES maidir le deiseanna iascaireachta, ós rud é gur ar threochtaí maidir leis an eascann ghloine a bhunaítear comhairle ICES seachas ar éalú na heascainne gile (sprioc 40 %); á iarraidh go ndéanfar an méid sin a chomhchuibhiú;

26. á chur in iúl go bhfuil ICES le moladh as a bheith ag obair ar shamhail iomlánaíoch maidir le stoc chun treochtaí a anailísiú agus a thuar;

27. á chur i bhfáth gur chóir an bailiú sonraí, faireachán agus tuairisceoireacht a chomhchuibhiú agus a chaighdeánú chun go bhféadfar sonraí a chur i gcomparáid; ag moladh go mbeadh baint ag iascairí tráchtála agus áineasa sa bhailiú sonraí agus san anailís orthu;

Gné trasteorann

28. ag spreagadh na mBallstát chun breis PBEnna a chur ar bun, i gcás inarb iomchuí;

29. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit ábhartha plean bainistíochta eascann uaillmhianach agus réalaíoch a bheith ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir; á chreidiúint go bhfuil sé an-inmhianaithe an plean sin a bheith áilínithe leis an Rialachán maidir le hEascanna;

°

° °

30. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.